C/2026/3728

10.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(M.12341 — ORANGE / APG / NEXERA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3728)

1. An 2 Iúil, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Orange S.A. ('Orange', an Fhrainc)

— APG Asset Management N.V. ('APG', an Ísiltír), atá faoi rialú Stichting Pensioenfonds ABP ('ABP', an Ísiltír)

— Nexera Holding sp. z o.o. ('Nexera', an Pholainn)

Gheobhaidh Orange agus APG rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Nexera ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is oibreoir teileachumarsáide domhanda Francach é Orange atá gníomhach go príomha i margadh teileachumarsáide na Polainne trína fhochuideachta Orange Polska S.A. ('OPL') agus trína chomhfhiontar lánfheidhme é Świątłowód Inwestycje sp. z o.o. ('S-I').

  Is oibreoir teileachumarsáide miondíola agus mórdhíola náisiúnta é OPL, a soláthraíonn seirbhísí fosaithe agus móibíleacha, lena n-áirítear naisc ghutha, leathanbhanda agus seirbhísí teilifíse Íoctha sa Pholainn. Soláthraíonn OPL seirbhísí níos speisialaithe freisin lena gcumhdaítear TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide), línte léasaithe & tarchur sonraí, athdhíolann sé trealamh teileachumarsáide, agus infheistíonn sé ina bhonneagar teileachumarsáide féin.

  Soláthraíonn S-I, atá faoi rialú comhpháirteach OPL agus APG, seirbhísí rochtana mórdhíola trína líonra snáithín do sholáthróirí seirbhísí idirlín i limistéir nach bhfuil chomh dlúth sin sa Pholainn.

— Is bainisteoir sócmhainní de chuid na hÍsiltíre é APG agus bainistíonn sé na sócmhainní le haghaidh ABP. Tá APG faoi rialú deiridh agus aonair ABP. Is é ABP an ciste pinsin le haghaidh fostaithe rialtais agus oideachais san Ísiltír.

— Is oibreoir mórdhíola seasta Polannach é Nexera a oibríonn snáithín optúil chomh fada leis na seirbhísí líonra rochtana baile agus tá formhór an loirg dírithe ar limistéir thuaithe agus ar limistéir ísealdlúis i lár na Polainne agus in oirthuaisceart na Polainne nach ndéantar freastal ceart orthu.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12341 — ORANGE / APG / NEXERA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË